

C/2025/6057

13.11.2025

MIONTUAIRISCÍ AN 10 MÁRTA 2025

(C/2025/6057)

PARLAIMINT NA hEORPA

SEISIÚN 2024-2025

Suí an 10 Márta 2025

STRASBOURG

| Clár | Leathanach |
|--|------------|
| 1. Athchromadh ar an seisiún | 4 |
| 2. Oscailt an tsuí | 4 |
| 3. Ráitis ón Uachtarán | 4 |
| 4. Formheas mhiontuairiscí an tsuí roimhe sin | 4 |
| 5. Comhdhéanamh na gcoistí agus na dtoscaireachtaí | 4 |
| 6. Ceartúcháin (Riail 251) | 5 |
| 7. Togra le haghaidh gníomhartha de chuid an Aontais | 5 |
| 8. Féilire páirtseisiún na Parlaiminte — 2026 | 5 |
| 9. Ord gnó | 6 |
| 10. Athchromadh ar an suí | 7 |

| Clár | Leathanach |
|--|------------|
| 11. Ag tacú leis na réigiúin is leochailí san Aontas i gcoinne éifeachtaí tubaisteacha na géarchéime aeráide, amhail an cioclón a bhual La Réunion le déanaí (díospóireacht) | 7 |
| 12. Athchromadh ar an suí | 8 |
| 13. Iarrataí ar dhíolúine a tharscaoileadh | 8 |
| 14. Iarraidh ar chosaint díolúine | 8 |
| 15. Athchromadh ar an suí | 8 |
| 16. An rómhaorlathas a laghdú agus gnó a shimpliú san Aontas: na chéad tograí Omnibus (díospóireacht) . . . | 9 |
| 17. An tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh Phoblacht na Moldóive a bhunú ***I (díospóireacht) | 9 |
| 18. Ciste Sóisialta na hEorpa Plus tar éis 2027 (tíolacadh gairid) | 10 |
| 19. Óráidí nóiméad amháin faoi ábhair a bhfuil tábhacht pholaitiúil leo | 10 |
| 20. Clár oibre an chéad suí eile | 10 |
| 21. Formheas mhiontuairiscí an tsuí | 11 |
| 22. Críoch an tsuí | 11 |
| 23. Clabhsúr an tseisiúin | 11 |
| LIOSTA NA nDOICIMÉAD ARB IAD IS BONN DO DHÍOSPÓIREACHTAÍ AGUS DO CHINNTÍ NA PARLAIMINTE | 12 |
| 1. Ceisteanna i gcomhair freagra ó bhéal (tíolacadh) | 12 |
| 2. Gníomhaíocht arna déanamh ar na seasaimh agus ar na rúin ón bParlaimint | 12 |
| 3. Doiciméid a fuarthas | 12 |
| CLÁR TINRIMH | 17 |

| Clár | Leathanach |
|--|------------|
| IARSCRÍBHINN I | |
| TORTHAÍ NA VÓTÁLACHA | 19 |
| 1. Clár Oibre – Dé Céadaoin – Iarraidh ón nGrúpa ECR | 19 |
| 2. Clár Oibre – Dé Céadaoin – Iarraidh ón nGrúpa ESN | 19 |
| 3. Clár Oibre – Dé Céadaoin – Iarraidh ón nGrúpa Verts/ALE | 19 |
| IARSCRÍBHINN II | |
| TORTHAÍ NA VÓTÁLA LE GLAOCH ROLLA | 20 |
| 1. Clár Oibre — Dé Céadaoin — Iarraidh ón nGrúpa ECR | 20 |
| 1.1. Clár Oibre — Dé Céadaoin — Iarraidh ón nGrúpa ECR | 20 |
| 2. Clár Oibre — Dé Céadaoin — Iarraidh ón nGrúpa ESN | 21 |
| 2.1. Clár Oibre — Dé Céadaoin — Iarraidh ón nGrúpa ESN | 21 |

MIONTUAIRISCÍ AN 10 MÁRTA 2025

SA CHATHAOIR: Roberta METSOLA

Uachtarán

1. Athchromadh ar an seisiún

Athchromadh ar an seisiún a cuireadh ar atráth Déardaoin an 13 Feabhra 2025.

2. Oscailt an tsuí

Osclaíodh an suí ar 17.01.

3. Ráitis ón Uachtarán

Rinne an tUachtarán ráiteas chun comóradh a dhéanamh ar an dara bliain ó thimpiste iarnróid Tempé, sa Ghréig, ina bhfuair 57 nduine bás agus inar gortaíodh a lán daoine.

Chuir sí in iúl go gceiliúrfai, sna míonna amach anseo, 35 bliana dearbhaithe leanúnachais stáit don Eastóin, don Laitvia agus don Liotuáin.

D'fhógair an tUachtarán go gcuirfeadh an Pharlaimint fáilte, mar chuid den cheiliúradh ar Lá idirnáisiúnta na mBan, roimh cheannaire fórsaí daonlathacha na Bealarúise, Sviatlana Tsikhanouskaya, agus roimh thriúr gníomhaithe cróga eile ón Úcráin agus ón mBealarúis.

Thairis sin, mar chuid de Lá na Dlúthpháirtíochta leis an mBealarúis, d'iarr an tUachtarán ar na Feisirí cártaí poist a shíniú, le linn thréimhse an tseisiúin seo, chuig na príosúnaigh pholaitiúla faoi réimseas Lukashenko.

4. Formheas mhiontuairiscí an tsuí roimhe sin

Glacadh le miontuairiscí an tsuí roimhe sin.

5. Comhdhéanamh na gcoistí agus na dtoscaireachtaí

Bhí an tUachtarán curtha ar an eolas ag na grúpaí ECR, Verts/ALE agus grúpa na bhFeisirí neamhcheangailte maidir leis na cinntí seo a leanas lena n-athraítear comhdhéanamh na gcoistí agus na dtoscaireachtaí:

- Coiste CONT: Fídiás Panayiotou in ionad Michael von der Schulenburg
- An Toscaireacht don chaidreamh leis an India: Adrian-George Axinia in ionad Galato Alexandraki
- An Toscaireacht chun an Tionóil Parlaimintigh idir an Eoraip agus Meiriceá Laidineach: Nora Junco García in ionad Adrian-George Axinia, Catarina Vieira

Tháinig na cinntí i bhfeidhm amhail ón lá sin.

6. Ceartúcháin (Riail 251)

Chuir na coistí freagracha na ceartúcháin seo a leanas isteach ar théacsanna arna nglacadh ag an bParlaimint:

- Coiste LIBE — Ceartúchán P9_TA(2023)0275(COR01) ar Rialachán (AE) 2023/2131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le malartú digiteach faisnéise i gcásanna sceimhlitheoireachta (seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 12 Iúil 2023 d'fhonn go nglacfaí an rialachán thuasluaite) (COM(2021)0757 — C9-0449/2021 — 2021/0393(COD))
- Coiste ENVI — Ceartúchán P9_TA(2024)0303(COR01) ar Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a shocrú, lena leasaítear Treoir (AE) 2020/1828 agus Rialachán (AE) 2023/1542 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE (seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 23 Aibreán 2024 d'fhonn go nglacfaí an rialachán thuasluaite) (COM(2022)0142 — C9-0132/2022 — 2022/0095(COD))
- Coiste ENVI — Ceartúchán P9_TA(2024)0002(COR01) ar Rialachán (AE) 2024/573 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Feabhra 2024 maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 (seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 16 Eanáir 2024 d'fhonn go nglacfaí an rialachán thuasluaite) (COM(2022)0150 — C9-0142/2022 — 2022/0099(COD))
- Coiste ENVI — Ceartúchán P9_TA(2023)0446(COR01) ar Rialachán (AE) 2024/568 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Feabhra 2024 maidir le táillí agus muirir is iníoctha leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach, lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/745 agus (AE) 2022/123 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 658/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 297/95 ón gComhairle (seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 12 Nollaig 2023 d'fhonn go nglacfaí an rialachán thuasluaite) (COM(2022)0721 — C9-0426/2022 — 2022/0417(COD))

Measfar na ceartúcháin seo a bheith formheasta mura rud é, laistigh de 24 huaire an chloig ón bhfógra seo, go ndéanfar iarraidh ar vótáil i gcomhréir le Riail 251(4).

7. Togra le haghaidh gníomhartha de chuid an Aontais

Dhearbhaigh Uachtarán na Parlaiminte go raibh na tograí seo a leanas le haghaidh gnímh de chuid an Aontais inghlactha i gcomhréir le Riail 47(2):

- Togra le haghaidh gníomh de chuid an Aontais arna chur síos ag Maravillas Abadía Jover, Dolors Montserrat, ar chosaint san ionad oibre do phóilíní, foireann an airm, oifigigh phríosúin agus gníomhairí custaim agus teorann, agus aicmiú riosca a ngairme san Aontas Eorpach (B10-0096/2025)

coiste freagrach EMPL

- Togra le haghaidh gníomh de chuid an Aontais arna chur síos ag João Oliveira, ar an ngá atá le síneadh a chur leis an tréimhse cur chun feidhme don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (B10-0139/2025)

coistí freagracha: BUDG, ECON

coistí ar iarradh tuairim orthu: EMPL, ENVI, ITRE, TRAN

8. Féilire páirtseisiún na Parlaiminte — 2026

Le linn a cruinnithe an 5 Márta 2025, ghlac Comhdháil na nUachtarán an dréachtfhéilire páirtseisiún don bhliain pharlaiminteach 2026.

Seo mar a leanas na dátaí:

- ón 19 go dtí an 22 Eanáir
- an 27 Eanáir

- ón 9 go dtí an 12 Feabhra
- ón 9 go dtí an 12 Márta
- an 25 agus 26 Márta
- ón 27 go dtí an 30 Aibreán
- ón 18 go dtí an 21 Bealtaine
- ón 15 go dtí an 18 Meitheamh
- ón 6 go dtí an 9 Iúil
- ón 14 go dtí an 17 Meán Fómhair
- ón 5 go dtí an 8 Deireadh Fómhair
- ón 19 go dtí an 22 Deireadh Fómhair
- an 11 agus 12 Samhain
- ón 23 go dtí an 26 Samhain
- ón 14 go dtí an 17 Nollaig

Socraíodh na teorainneacha ama seo a leanas:

- leasuithe: Dé Luain 10 Márta 2025 ar 19.00;
- iarrataí ar vótáil le gaoch rolla: Dé Máirt 11 Márta 2025 ar 16.00.

Dhéanfaí an vótáil an Dé Céadaoin 12 Márta 2025 ar 12.00.

*
* *

Labhair na daoine seo a leanas: Iratxe García Pérez, Željana Zovko, Afrodití Latinopoulou, Alice Kuhnke, Fabio De Masi, Lynn Boylan agus Costas Mavrides.

9. Ord gnó

Cuireadh ar fáil d'Fheisirí dréacht críochnaitheach de chlár oibre páirtseisiúin Márta 2025 (PE 770.393/PDOJ) i gcomhréir le Riail 163(1).

Chuir an tUachtarán in iúl go raibh an tuarascáil ó Dainius Žalimas maidir le harraidh ar dhíolúine Adam Bielan a tharscaoileadh (A10-0015/2025) cláraithe le ham vótála ar an Máirt, i gcomhréir le Riail 9(9).

Tograí i gcomhair leasú ar an dréachtchlár oibre críochnaitheach i gcomhréir le Riail 164(1)

Le comhaontú ó na grúpaí polaitiúla

Dé Máirt

Cuireadh an díospóireacht dar teideal “Cur i láthair an togra maidir leis an nGníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla (CMA)” (pointe 43 de PDOJ) as áit mar dara pointe ar chlár oibre an iarnóin, agus cuireadh an díospóireacht dar teideal “Cur i láthair an togra le haghaidh cur chuige coiteann nua maidir le filleadh” (pointe 44 de PDOJ) as áit mar thrú pointe ar chlár oibre an iarnóin.

D'fhormheas an Pharlaimint an togra.

Tograí eile le haghaidh leasuithe:

Dé Céadaoin

Iarraidh ón ngrúpa ECR chun díospóireacht a chlárú roimh an díospóireacht dar teideal “Sócmhainní reoite na Rúise” (*pointe 41 de PDOJ*), mar chúigiú pointe ar chlár oibre an iarnóin, ar ráitis ón gComhairle agus ón gCoimisiún dar teideal “Teagmhais le déanaí sa Rómáin: Imscrúdú gníomhach ar an iarrthóir i dtoghcháin na huachtaránachta”. Dá bharr sin, chuirfí fad leis an suí go dtí 23.00

Labhair na daoine seo a leanas: Gheorghe Piperea, thar ceann an Ghrúpa ECR, a thug réasúnú leis an iarraidh, agus Nicolae Ștefănuță, a chuir ina haghaidh.

Dhiúltaigh an Pharlaimint don iarraidh.

(Torthaí na vótála, ítim 1)

Iarraidh ón ngrúpa ESN chun díospóireacht a chlárú, mar dhara pointe ar chlár oibre an iarnóin, ar ráiteas ón gCoimisiún dar teideal “Toghcháin na huachtaránachta sa Rómáin, go háirithe cinneadh ón gcúirt bhunreachtúil an 8 Márta 2025”. Dá bharr sin, chuirfí fad leis an suí go dtí 23.00

Labhair na daoine seo a leanas: Christine Anderson, thar ceann an Ghrúpa ESN, a thug réasúnú leis an iarraidh, agus Lukas Sieper, a chuir ina haghaidh.

Dhiúltaigh an Pharlaimint don iarraidh.

(Torthaí na vótála, ítim 2)

Iarraidh ón ngrúpa Verts/ALE chun díospóireacht a chlárú, mar phointe deiridh ar an gclár oibre, ar ráiteas ón gCoimisiún dar teideal “Bagairtí scarthacha sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin agus an gearú a rinneadh le déanaí”. Dá bharr sin, chuirfí fad leis an suí go dtí 23.00

Labhair na daoine seo a leanas: Tineke Strik, thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE, a thug réasúnú leis an iarraidh, agus Željana Zovko, a chuir ina haghaidh (thug an tUachtarán sonraí ina leith).

D’fhormheas an Pharlaimint an iarraidh.

(Torthaí na vótála, ítim 3)

Bunaíodh an t-ord gnó dá bhrí sin.

(Cuireadh an suí ar fionraí ar feadh cúpla nóiméad.)

SA CHATHAOIR: Martin HOJSÍK

Leas-Uachtarán

10. Athchromadh ar an suí

Athchromadh ar an suí ar 17.28.

11. Ag tacú leis na réigiúin is leochailí san Aontas i gcoinne éifeachtaí tubaisteacha na géarchéime aeráide, amhail an cioclón a bhuail La Réunion le déanaí (díospóireacht)

Ráiteas ón gCoimisiún: Ag tacú leis na réigiúin is leochailí san Aontas i gcoinne éifeachtaí tubaisteacha na géarchéime aeráide, amhail an cioclón a bhuail La Réunion le déanaí (2025/2587(RSP))

Andrius Kubilius (Coimisinéir) a rinne an ráiteas.

Labhair na daoine seo a leanas: Isabelle Le Callennec, thar ceann an Ghrúpa PPE, Nora Mebarek, thar ceann an Ghrúpa S&D, Marie-Luce Brasier-Clain, thar ceann an Ghrúpa PflE, Grégory Allione, thar ceann an Ghrúpa Renew, Marie Toussaint, thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE, Younous Omarjee, thar ceann an Ghrúpa The Left, agus Irmhild Boßdorf, thar ceann an Ghrúpa ESN.

Labhair Andrius Kubilius.

Tugadh an díospóireacht chun críche.

(Cuireadh an suí ar fionraí ar 17.53.)

SA CHATHAOIR: Roberta METSOLA

Uachtarán

12. Athchromadh ar an suí

Athchromadh ar an suí ar 17.56.

13. Iarrataí ar dhíolúine a tharscaoileadh

Chuir údaráis inniúla na Beilge dhá iarraidh chuig an Uachtarán chun díolúine a tharscaoileadh ar Elisabetta Gualmini agus Alessandra Moretti le haghaidh imeachtaí breithiúnacha sa Bheilg.

De bhun Riail 9(1), rinneadh na hiarrataí a tharchur chuig an gcoiste freagrach, an Coiste JURI.

14. Iarraidh ar chosaint díolúine

Fuair an tUachtarán iarraidh, ó iar-Fheisire de Pharlaimint na hEorpa, Helmut Geuking, ar chosaint pribhléidí agus díolúintí, le haghaidh nós imeachta a bhí ar bun sa Ghearmáin.

Faoi Riail 9(1), rinneadh an iarraidh a tharchur chuig an gCoiste JURI, atá freagrach as an ábhar.

(Cuireadh an suí ar fionraí ar feadh cúpla nóiméad.)

SA CHATHAOIR: Martin HOJSÍK

Leas-Uachtarán

15. Athchromadh ar an suí

Athchromadh ar an suí ar 17.58.

16. An rómhaorlathas a laghdú agus gnó a shimpliú san Aontas: na chéad tograí Omnibus (díospóireacht)

Ráiteas ón gCoimisiún: An rómhaorlathas a laghdú agus gnó a shimpliú san Aontas: na chéad tograí Omnibus (2025/2602(RSP))

Labhair Manon Aubry, maidir leis an gCoimisiún a bheith as láthair ag tús na díospóireachta (thug an Cathaoirleach faisnéis).

Labhair na daoine seo a leanas: Tomas Tobé, thar ceann an Ghrúpa PPE, Gabriele Bischoff, thar ceann an Ghrúpa S&D, Klara Dostalova, thar ceann an Ghrúpa PflE, Tobiasz Bocheński, thar ceann an Ghrúpa ECR, Pascal Canfin, thar ceann an Ghrúpa Renew, Marie Toussaint, thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE, Manon Aubry, thar ceann an Ghrúpa The Left, agus Marcin Sypniewski, thar ceann an Ghrúpa ESN.

Maria Luís Albuquerque (Coimisinéir) a rinne an ráiteas.

Labhair na daoine seo a leanas: Lídia Pereira, a thug freagra, thairis sin, ar cheist cárta ghoirm ó João Oliveira, Lara Wolters, a thug freagra, thairis sin, ar cheist cárta ghoirm ó Tomas Tobé, Enikő Győri, Antonella Sberna, Svenja Hahn, Anna Cavazzini, Li Andersson, Maravillas Abadía Jover, Mohammed Chahim, Julie Rechagneux, Kosma Złotowski, Jeannette Baljeu, Kira Marie Peter-Hansen, Hanna Gedin, Peter Liese, a thug freagra, thairis sin, ar cheist cárta ghoirm ó Marie Toussaint, César Luena agus Sebastian Krus.

SA CHATHAOIR: Pina PICIERNO

Leas-Uachtarán

Labhair na daoine seo a leanas: Beatrice Timgren, Billy Kelleher, Sara Matthieu, Lynn Boylan, François-Xavier Bellamy, Brando Benifei, Juan Carlos Girauta Vidal, Nora Junco García, Rasmus Andresen, Emma Fourreau, Jörgen Warborn, a thug freagra, thairis sin, ar cheist cárta ghoirm ó Kira Marie Peter-Hansen, Evelyn Regner, Roman Haider, Sebastian Tynkkynen, Nikolas Farantouris, Markus Ferber, José Cepeda, Julien Leonardelli, Bert-Jan Ruissen, Andreas Schwab, Victor Negrescu, André Rougé, Adrián Vázquez Lázara, Aodhán Ó Ríordáin, Lukas Mandl, Kamila Gasiuk-Pihowicz, Željana Zovko, Nina Carberry, Dirk Gotink agus Dóra Dávid.

Labhair na daoine seo a leanas faoin nós imeachta um aird a tharraingt: Sunčana Glavak, Maria Grapini, Sander Smit, Juan Fernando López Aguilar, Lukas Sieper agus Michał Szczerba.

Labhair Maria Luís Albuquerque.

Tugadh an díospóireacht chun críche.

17. An tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh Phoblacht na Moldóive a bhunú ***I (díospóireacht)

Tuarascáil maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú na Saoráide Athchóirithe agus Fáis le haghaidh Phoblacht na Moldóive [COM(2024)0469 — C10-0127/2024 — 2024/0258(COD)] — An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha — An Coiste um Buiséid. Rapóirtéirí: Siegfried Mureşan agus Sven Mikser (A10-0006/2025)

Siegfried Mureşan agus Sven Mikser a chuir an tuarascáil i láthair.

Labhair Marta Kos (Coimisinéir).

Labhair na daoine seo a leanas: Bogdan Andrzej Zdrojewski (rapóirtéir don tuairim ón gCoiste INTA), Jonas Sjöstedt (rapóirtéir don tuairim ón gCoiste BUDG), David McAllister, thar ceann an Ghrúpa PPE, Victor Negrescu, thar ceann an Ghrúpa S&D, Auke Zijlstra, thar ceann an Ghrúpa PflE, Adrian-George Axinia, thar ceann an Ghrúpa ECR, Dan Barna, thar ceann an Ghrúpa Renew, Kai Tegethoff, thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE agus Jussi Saramo, thar ceann an Ghrúpa The Left.

SA CHATHAOIR: Ewa KOPACZ

Leas-Uachtarán

Labhair na daoine seo a leanas: Alexander Sell, thar ceann an Ghrúpa ESN, Karlo Ressler, Carla Tavares, Julien Sanchez, Mariusz Kamiński, Eugen Tomac, Reinier Van Lanschot, Thomas Geisel, Reinhold Lopatka, Vasile Dîncu, Virginie Joron, Claudiu-Richard Târziu, Vlad Vasile-Voiculescu, Krzysztof Brejza, Andi Cristea, Rihards Kols agus Șerban Dimitrie Sturdza.

Labhair na daoine seo a leanas faoin nós imeachta um aird a tharraingt: Liudas Mažylis, Sebastian Tynkkynen, Helmut Brandstätter agus Lukas Sieper.

Labhair na daoine seo a leanas: Marta Kos, Siegfried Mureșan agus Sven Mikser.

Tugadh an díospóireacht chun críche.

Vótáil: *ítim 6.2 de mhiontuairiscí an 11.3.2025.*

18. Ciste Sóisialta na hEorpa Plus tar éis 2027 (tíolacadh gairid)

Tuarascáil ar Chiste Sóisialta na hEorpa Plus tar éis 2027 [2024/2077(INI)] — An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta. Rapóirtéir: Marit Majj (A10-0014/2025)

Marit Majj a rinne an cur i láthair.

Labhair na daoine seo a leanas faoin nós imeachta um aird a tharraingt: Sebastian Tynkkynen, Estrella Galán, Lukas Sieper agus Maria Zacharia.

Labhair Marta Kos (Coimisinéir).

Tugadh an ítim chun críche.

Vótáil: an *ítim 6.7 de mhiontuairiscí an 11.3.2025.*

19. Óráidí nóiméad amháin faoi ábhair a bhfuil tábhacht pholaitiúil leo

I gcomhréir le Riail 179, labhair na Feisirí seo a leanas ar mhian leo aird na Parlaiminte a tharraingt ar ábhair a bhfuil tábhacht pholaitiúil leo, ar feadh aon nóiméad amháin:

Eva Maydell, Victor Negrescu, Tiago Moreira de Sá, Șerban Dimitrie Sturdza, Jana Toom, Ana Miranda Paz, Lynn Boylan, Marcin Sypniewski, Thomas Geisel, Branko Grims, Andi Cristea, Mélanie Disdier, Fernand Kartheiser, Vicent Marzà Ibáñez, Anthony Smith, Rada Laykova, Georgios Aftias, Ștefan Mușoiu, Annamária Vicsek, Maciej Wąsik, Cynthia Ní Mhurchú, Andrey Novakov, Juan Fernando López Aguilar, Julien Sanchez, Claudiu-Richard Târziu, Ciaran Mullooly, Hélder Sousa Silva, Fabrice Leggeri agus Dimitris Tsiodras.

20. Clár oibre an chéad suí eile

Bheadh an chéad suí eile ar siúl amárach, 11 Márta 2025, ón 09.00. Tá an clár oibre ar fáil ar shuíomh gréasáin na Parlaiminte.

21. Formheas mhiontuairiscí an tsuí

I gcomhréir le Riail 208(3), chuirfí miontuairiscí an tsuí faoi bhráid na Parlaiminte lena bhformheas ag tús iarnóin an chéad suí eile.

22. Críoch an tsuí

Críochnaíodh an suí ar 21.58.

23. Clabhsúr an tseisiúin

Dúnadh seisiún 2024-2025 de Pharlaimint na hEorpa.

I gcomhréir leis an gcéad mhír d'Airteagal 229 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, thiocfadh an Pharlaimint le chéile arís Dé Máirt an 11 Márta 2025 ar 9.00.

Alessandro Chiocchetti
Javi López

Ard-Rúnaí
Leas-Uachtarán

LIOSTA NA nDOICIMÉAD ARB IAD IS BONN DO DHÍOSPÓIREACHTAÍ AGUS DO CHINNTÍ NA PARLAIMINTE

1. Ceisteanna i gcomhair freagra ó bhéal (tíolacadh)

Cuireadh na ceisteanna seo a leanas i gcomhair freagra ó bhéal maille le díospóireacht ar an gclár oibre (Riail 142):

- O-000004/2025 ó Ilhan Kyuchyuk, thar ceann Coiste JURI, ar an gComhairle: Glacadh an togra le haghaidh rialachán maidir le tuismíocht (B10-0003/2025) (2024/2545(RSP))
- O-000005/2025 ó Ilhan Kyuchyuk, thar ceann Coiste JURI, ar an gCoimisiún: Glacadh an togra le haghaidh Rialachán maidir le Tuismíocht (B10-0004/2025) (2024/2545(RSP))

2. Gníomhaíocht arna déanamh ar na seasaimh agus ar na rúin ón bParlaimint

Tá an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an obair leantach ar na seasaimh arna nglacadh ag an bParlaimint le linn sheisiún Nollaig 2024 ar fáil ar shuíomh idirlín na Parlaiminte.

3. Doiciméid a fuarthas

Fuarthas na doiciméid seo a leanas:

1) ó na coistí

- ***I Tuarascáil maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú na Saoráide Athchóirithe agus Fáis le haghaidh Phoblacht na Moldóive (COM(2024)0469 — C10-0127/2024 — 2024/0258(COD)) — Coiste AFET — Coiste BUDG — Rapóirtéir: Sven Mikser — Rapóirtéir: Siegfried Mureşan (A10-0006/2025)
- ***I Tuarascáil ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gComhaontú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chonartha um Chairt Fuinnimh idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit a ghlacadh (COM(2024)0257 — C10-0058/2024 — 2024/0148(COD)) — Coiste INTA — Coiste ITRE — Rapóirtéir: Anna Cavazzini — Rapóirtéir: Borys Budka (A10-0009/2025)
- Tuarascáil ar chur chun feidhme an chomhbheartais eachtraigh agus slándála — tuarascáil bhliantúil 2024 (2024/2080(INI)) — Coiste AFET — Rapóirtéir: David McAllister (A10-0010/2025)
- Tuarascáil ar chur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta — tuarascáil bhliantúil 2024 (2024/2082(INI)) — Coiste AFET — Rapóirtéir: Nicolás Pascual de la Parte (A10-0011/2025)
- Tuarascáil maidir le cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh i leith an ábhair — tuarascáil bhliantúil 2024 (2024/2081(INI)) — Coiste AFET — Rapóirtéir: Isabel Wiseler-Lima (A10-0012/2025)
- *** Moladh ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir Ceanada agus an tAontas Eorpach i ndáil le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí a aistriú agus a phróiseáil (08897/2024 — C10-0125/2024 — 2024/0051(NLE)) — Coiste LIBE — Rapóirtéir: Nikola Minchev (A10-0013/2025)
- Tuarascáil ar Chiste Sóisialta na hEorpa Plus tar éis 2027 (2024/2077(INI)) — Coiste EMPL — Rapóirtéir: Marit Maj (A10-0014/2025)

- Tuarascáil maidir le hiarraidh ar dhíolúine Adam Bielan a tharscaoileadh (2024/2045(IMM)) — Coiste JURI — Rapóirtéir: Dainius Žalimas (A10-0015/2025)
- Tuarascáil maidir le fíorú na ndintiúr (2024/2100(REG)) — Coiste JURI — Rapóirtéir: Ilhan Kyuchyuk (A10-0016/2025)
- *** Moladh ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) a bhaineann le lamháltais a mhodhnú ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (13817/2023 — C10-0189/2024 — 2023/0341(NLE)) — Coiste INTA — Rapóirtéir: Željana Zovko (A10-0017/2025)
- Tuarascáil maidir leis an measúnú ar chur chun feidhme Fís Eorpach i bhfianaise na meastóireachta eatramhaí uirthi agus na moltaí don 10ú Clár Réime um Thaighde (2024/2109(INI)) — Coiste ITRE — Rapóirtéir: Christian Ehler (A10-0021/2025)
- Tuarascáil ar Sheimeastar Eorpach 2025 um chomhordú an bheartais eacnamaíoch (2024/2112(INI)) — Coiste ECON — Rapóirtéir: Fernando Navarrete Rojas (A10-0022/2025)
- Tuarascáil ar an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch: tosaíochtaí fostaíochta agus sóisialta do 2025 (2024/2084(INI)) — Coiste EMPL — Rapóirtéir: Maravillas Abadía Jover (A10-0023/2025)
- Tuarascáil ar an togra chun comhalta den Bhord Réitigh Aonair a cheapadh (N10-0004/2025 — C10-0030/2025 — 2025/0901(NLE)) — Coiste ECON — Rapóirtéir: Aurore Lalucq (A10-0024/2025)
- Tuarascáil ar an togra chun comhalta den Bhord Réitigh Aonair a cheapadh (N10-0005/2025 — C10-0031/2025 — 2025/0902(NLE)) — Coiste ECON — Rapóirtéir: Aurore Lalucq (A10-0025/2025)
- Tuarascáil ar an togra maidir le Leas-Chathaoirleach an Bhoird Réitigh Aonair a cheapadh (N10-0006/2025 — C10-0032/2025 — 2025/0903(NLE)) — Coiste ECON — Rapóirtéir: Aurore Lalucq (A10-0026/2025)

2) ó institiúidí eile

- Cinneadh ón gComhairle lena n-iarrrtar ar na Ballstáit, chun leas an Aontais Eorpaigh, glacadh leis na leasuithe ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Rún WHA77.17 agus a glacadh an 1 Meitheamh 2024 (17046/2024 — C10-0005/2025 — 2024/0299(NLE))
tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: SANT
- Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le modhnú a dhéanamh ar na dleachtanna custaim is infheidhme i dtaca le hallmhairí earraí áirithe de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó Phoblacht na Bealarúise nó onnmhairithe go díreach nó go hindíreach uathu (COM(2025)0034 — C10-0006/2025 — 2025/0021(COD))
tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: INTA
tuairim: BUDG (Riail 58), AGRI
- Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/196 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Feabhra 2018 maidir le dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (COM(2025)0027 — C10-0007/2025 — 2025/0012(COD))
tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: INTA

- Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/848 maidir le himeachtaí dócmhainneachta chun Iarscríbhinní A agus B a ghabhann leis a ionadú (COM(2025)0040 — C10-0009/2025 — 2025/0023(COD))
tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: JURI

- Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a mhéid a bhaineann le timthriall socraíochta níos giorra san Aontas (COM(2025)0038 — C10-0011/2025 — 2025/0022(COD))
I gcomhréir le Riail 151(1), rachadh an tUachtarán i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an togra seo.
I gcomhréir le hAirteagal 282(5) den Chonradh, rachadh an tUachtarán i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach maidir leis an seasamh seo.
tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: ECON

- Urscaoileadh 2023: Buiséad ginearálta an Aontais — An Coimisiún (05754/2025 [01] — C10-0013/2025 — 2024/2019(DEC))
tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: CONT
tuairim: AFET, SEDE, DEVE, INTA, BUDG, ECON, EMPL, ENVI, SANT, ITRE, IMCO, TRAN, REGI, AGRI, PECH, CULT, JURI, LIBE, AFCO, FEMM

- Urscaoileadh 2023: Buiséad ginearálta an Aontais — Parlaimint na hEorpa (05754/2025 [02] — C10-0014/2025 — 2024/2020(DEC))
tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: CONT
tuairim: AFET, SEDE, DEVE, INTA, BUDG, ECON, EMPL, ENVI, SANT, ITRE, IMCO, TRAN, REGI, AGRI, PECH, CULT, JURI, LIBE, AFCO, FEMM

- Urscaoileadh 2023: Buiséad ginearálta an Aontais — An Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle (05754/2025 [03] — C10-0015/2025 — 2024/2021(DEC))
tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: CONT
tuairim: AFET, SEDE, DEVE, INTA, BUDG, ECON, EMPL, ENVI, SANT, ITRE, IMCO, TRAN, REGI, AGRI, PECH, CULT, JURI, LIBE, AFCO, FEMM

- Urscaoileadh 2023: Buiséad ginearálta an Aontais — Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (05754/2025 [04] — C10-0016/2025 — 2024/2022(DEC))
tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: CONT
tuairim: AFET, SEDE, DEVE, INTA, BUDG, ECON, EMPL, ENVI, SANT, ITRE, IMCO, TRAN, REGI, AGRI, PECH, CULT, JURI, LIBE, AFCO, FEMM

- Urscaoileadh 2023: Buiséad ginearálta an Aontais — An Chúirt Iniúchóirí (05754/2025 [05] — C10-0017/2025 — 2024/2023(DEC))
tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: CONT
tuairim: AFET, SEDE, DEVE, INTA, BUDG, ECON, EMPL, ENVI, SANT, ITRE, IMCO, TRAN, REGI, AGRI, PECH, CULT, JURI, LIBE, AFCO, FEMM

- Urscaoileadh 2023: Buiséad ginearálta an Aontais — an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (05754/2025 [06] — C10-0018/2025 — 2024/2024(DEC))
tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: CONT
tuairim: AFET, SEDE, DEVE, AFCO

- Urscaoileadh 2023: Buiséad ginearálta an Aontais — Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (05754/2025 [07] — C10-0019/2025 — 2024/2025(DEC))
tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: CONT
tuairim: AFET, SEDE, DEVE, INTA, BUDG, ECON, EMPL, ENVI, SANT, ITRE, IMCO, TRAN, REGI, AGRI, PECH, CULT, JURI, LIBE, AFCO, FEMM

- Urscaoileadh 2023: Buiséad ginearálta an Aontais — Coiste na Réigiún (05754/2025 [08] — C10-0020/2025 — 2024/2026(DEC))
- tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: CONT
tuairim: AFET, SEDE, DEVE, INTA, BUDG, ECON, EMPL, ENVI, SANT, ITRE, IMCO, TRAN, REGI, AGRI, PECH, CULT, JURI, LIBE, AFCO, FEMM
- Urscaoileadh 2023: Buiséad ginearálta an Aontais — an tOmbudsman Eorpach (05754/2025 [09] — C10-0021/2025 — 2024/2027(DEC))
- tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: CONT
tuairim: AFET, SEDE, DEVE, INTA, BUDG, ECON, EMPL, ENVI, SANT, ITRE, IMCO, TRAN, REGI, AGRI, PECH, CULT, JURI, LIBE, AFCO, FEMM
- Urscaoileadh 2023: Buiséad ginearálta an Aontais — An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (05754/2025 [10] — C10-0022/2025 — 2024/2028(DEC))
- tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: CONT
tuairim: JURI, LIBE
- Urscaoileadh 2023: Buiséad ginearálta an Aontais — Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (“OIPE”) (05754/2025 [11] — C10-0023/2025 — 2024/2029(DEC))
- tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: CONT
tuairim: JURI, LIBE
- Urscaoileadh 2023: Buiséad ginearálta an Aontais — Gníomhaireachtaí (05755/2025 — C10-0024/2025 — 2024/2030(DEC))
- tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: CONT
